

MRB2: Nóta Cláir

Comhairle don scoláire

...Treoirínte do na Measúnuite Rangbhunaithe, lgh 22-23

Déanfaidh do mhúinteoir monatóireacht ar an obair don mheasúnú seo agus tabharfaidh sé tacaíocht duit ina leith. Beidh ort eolas faoin gcumadóir nó cumadóir amhrán a chur sa Nóta Cláir seo, roinnt pointí spéisiúla faoi chuspóir an tsaothair agus roinnt buaicpointí ceolmhara ionas go mbeidh an lucht éisteachta nó an t-éisteoir ar an eolas fúthu agus ar an eolas faoi chomhthéacs na bpíosaí do do scrúdú praiticiúil.

Nuair atá an t-eolas atá le cur sa Nóta Cláir á mheas agat, d'fhéadfá na ceisteanna seo a leanas a fhiafraí faoi gach píosa:

- 🎵 Cé a chum an píosa seo?
- 🎵 Cén fáth ar chum an cumadóir/cumadóir amhrán an ceol seo?
- 🎵 Mura bhfuil an cumadóir nó cumadóir amhrán ar eolas (mar a tharlaíonn i gcás roinnt ceol traidisiúnta nó ceol tíre mar shampla), cén cineál píosa uirlise nó gutha é seo?
- 🎵 Cé hiad na heiseamláirí cáiliúla den chineál seo ceol traidisiúnta nó tíre?
- 🎵 Céard a bhí ag tarlú i dtír an chumadóira nuair a cumadh an saothar seo?
- 🎵 An dtagann an píosa seo leis na saothair eile a cumadh nó a bailíodh thart ar am céanna?
- 🎵 Céard é an pointe is spéisiúla sa phíosa seo dar liom?
- 🎵 Céard air a dtreoróidh mé aird an éisteora?
- 🎵 Céard í an chuid is fearr liom sa phíosa seo?

Is cuma má tá tú ag taibhiú i d'aonar nó i ngrúpa, nó i meascán díobh siúd, caithfidh tú fós nóta cláir de do chuid féin a chur ar fáil, ach ba chóir go n-áireofaí sa nóta ar an taibhiú grúpa tráchtairacht faoi do rólsa sa ghrúpa agus an méid a chuir tú leis. Tabhair faoi deara, gurb é do Nóta Cláir féin a bheidh á scrúdú sa mheasúnú i gcomhair Phróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí.

Má chum tú aon cheann de na píosaí atá i do chlár don scrúdú praiticiúil, ba chóir duit tráchtairacht agus machnamh a dhéanamh ar na ceisteanna thuasluaite ar an mbealach céanna.



Join our mailing list on
www.jct.ie



Contact us at
info@jct.ie



Follow us on
[@JctMusicEdu](https://twitter.com/JctMusicEdu)

Is fút féin é struchtúr an Nóta Cláir, agus tá an rogha agus an tsolúbthacht agat é a chur i láthair i pé leagan amach a roghnaíonn tú, agus ar bhealach a chuireann ar do chumas díriú ar na gnéithe atá ábhartha do do thaibhiú.

Toisc go léann daoine ó mheascán mór cúlraí agus eolais na nótaí cláir, is é an dúshlán a bhaineann leis seo nótaí a chruthú a fhreastalaíonn ar an raon daoine sin agus rud éigin a mbeadh spéis ag an éisteoir eolach agus ag an éisteoir nua araon ann a sholáthar.

Caithfear an Nóta Cláir seo a chríochnú coicís roimh an scrúdú praiticiúil, agus moltar nach gcaithfeá níos mó ná trí seachtaine i mbun taighde agus oibre ar an Nóta Cláir.

D'fhéadfadh go mbeadh sé níos éasca do Nóta Cláir a chríochnú agus tú ag foghlaim do pháis, toisc go gcuirfidh an taighde bonn eolais faoi do chleachtadh agus faoin obair chun slacht a chur ar na páis roimh an scrúdú praiticiúil.



Join our mailing list on
www.jct.ie



Contact us at
info@jct.ie



Follow us on
[@JctMusicEdu](https://twitter.com/JctMusicEdu)